Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 6 Bealtaine 2022
(OR. en)

8488/22

CDR 45

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Cinneadh ón gComhairle lena gceaptar comhalta malartach, arna mholadh ag Poblacht na hIodáile, de Choiste na Réigiún<br>- Glacadh |

1. I litir uaidh an 3 Meán Fómhair 2021, thug Ardrúnaí Choiste na Réigiún fógra don Chomhairle go raibh deireadh tagtha leis an sainordú náisiúnta ar dá bhun a moladh Daniela BALLICO, comhalta malartach de Choiste na Réigiún, a cheapadh.[1]

2. Faoi Airteagal 305 CFAE, is í an Chomhairle a cheapann comhaltaí agus comhaltaí malartacha Choiste na Réigiún, ag gníomhú di trí thromlach cáilithe ar thograí arna ndéanamh ag na Ballstáit faoi seach.

[1] 11934/21.

3. I gcomhréir leis an bhforáil sin agus chun comhalta a chur in ionad Daniela BALLICO, mhol Rialtas na hIodáile[2] Luisa PIACENTINI, ar ionadaí do chomhlacht áitiúil í agus a bhfuil aici sainordú toghchánach in údarás áitiúil, *Consigliere comunale del Comune di Marano Equo (RM)* (Comhalta de Thionól Áitiúil Marano Equo (RM)), mar chomhalta malartach de Choiste na Réigiún ar feadh a bhfuil fágtha den téarma oifige reatha, a leanfaidh go dtí an 25 Eanáir 2025.

4. Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe, dá bhrí sin, a mholadh don Chomhairle an Cinneadh a leagtar amach in 8480/22 a ghlacadh mar mhír 'A' ag ceann de na cruinnithe a bheidh ann amach anseo.

[2] 8476/22.